

Scéalta ó thar lear

Ceist 1


Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhá scéal ó thar lear. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. Aireacht Cosanta 2. sibhialtaigh 3. sáinnithe 4. monarcha cruach 5. cosmhuintir 6. céile comhraic 7. cumhacht 8. an tráth seo 9. an eite chlé 10. an tromlach	a. <i>opponent</i> b. <i>this time</i> c. <i>trapped</i> d. <i>the majority</i> e. <i>Ministry of Defence</i> f. <i>power</i> g. <i>civilians</i> h. <i>common people</i> i. <i>the left wing</i> j. <i>steel factory</i>
---	--

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2

Gan féachaint ar an tuairisc fós, pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. Bainigí úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas agus as na pictiúir thíos chun cuidiú libh. Pléigí an méid atá ar eolas agaibh faoin dá scéal.



Ceist 3

Féach ar an tuairisc den chéad uair anois. An raibh an ceart ag an mbeirt agaibh faoi ábhar an dá scéil? Déan liosta de na pointí nua a d'fhoghlaim sibh tar éis féachaint amháin.

Ceist 4

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna seo:

1. Cá bhfuil na sibhialtaigh sáinnithe?
2. Cad a deir Aireacht Cosanta na Rúise go ndéanfaidh siad?

3. Cad a deir an Úcráin faoin méid a deir Aireacht Cosanta na Rúise?
4. Cad a dúirt Anthony Blinken nuair a bhí sé i gCív?
5. Cad a dúirt Emmanuel Macron?
6. Ar éirigh go maith le páirtí Le Pen?
7. Cad ba mhaith leis an eite chlé i mí an Mheithimh?

Ceist 5

Éist go cruinn leis an mír arís. Cén leagan de na briathra thíos a bhí le cloisteáil inti? Tá sampla amháin déanta duit!

Sáinnigh – sáinnithe – an aidiacht bhriathartha

abair
stop
roghnaigh
fógair
cuir
geall
aontaigh
vótáil
teip
lorg

Ceist 6

‘...go mbeidh...’

A. Lean an sampla sa tábla agus scríobh amach na briathra mírialta san aimsir fháistineach.

	An Aimsir Fháistineach
Abair	An ndéarfaidh tú...? Déarfaidh / Ní déarfaidh
Beir	
Bí	
Clois	
Déan	
Faigh	
Feic	
Ith	
Tabhair	
Tar	
Téigh	

- B. Bain úsáid as na briathra – bí, déan, faigh, ith, tabhair, téigh - chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin samhradh seo chugainn. Mar shampla:

An mbeidh tú ag dul thar lear an samhradh seo?
(Beidh / Ní bheidh)

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	g	c	j	h	a	f	b	i	d

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí buille faoi thuairim a thabhairt ar ábhar na scéalta sula bhféachfaidh siad ar an mír. Iarr orthu úsáid a bhaint as an stór focal faoi cheist 1 agus as na pictiúir chun cuidiú leo.

Ceist 3

Iarr ar gach beirt codarsnacht agus comparáid a dhéanamh idir na pointí a bhí acu faoi na scéalta sular fhéach siad ar an mír agus na pointí a d'fhoghlaim siad tar éis féachaint amháin.

Ceist 4

Féach an script

Ceist 5

abair – deir – an aimsir láithreach
 stop – go stopfar – saorbhriathar – an aimsir fháistineach
 roghnaigh – a roghnaíonn – an aimsir láithreach
 fógair – d'fhógair – an aimsir chaite
 cuir – a chur – an t-ainm briathartha
 geall – gheall – an aimsir chaite
 aontaigh – go n-aontódh – an modh coinníollach
 vótáil – vótáil – an aimsir chaite
 teip – theip – an aimsir chaite
 lorg – ag lorg – an t-ainm briathartha

Ceist 6

	An Aimsir Fháistineach
Abair	An ndéarfaidh tú...? Déarfaidh / Ní déarfaidh
Beir	An mbéarfaidh tú...? Béarfaidh / Ní bhéarfaidh
Bí	An mbeidh sé...? Beidh / Ní bheidh
Clois	An gcloisfidh mé...? Cloisfidh / Ní chloisfidh
Déan	An ndéanfaidh sibh...? Déanfaimid / Ní dhéanfaimid
Faigh	An bhfaighidh sí...? Gheobhaidh / Ní bhfaighidh
Feic	An bhfeicfidh siad...? Feicfidh / Ní fheicfidh
Ith	An íosfaidh siad...? Íosfaidh / Ní íosfaidh
Tabhair	An dtabharfaidh tú...? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh
Tar	An dtiocfaidh mé...? Tiocfaidh / Ní thiocfaidh
Téigh	An rachaidh sí...? Rachaidh / Ní rachaidh

Siún Nic Gearailt

Scéal 1

Tá sé ráite ag Aireacht Cosanta na Rúise go bhfuil a gcuid fórsaí chun ligint¹ do shibhialtaigh atá sáinnithe i monarcha cruach iarainn Azovstal in Mariupol, an áit a fhágaint². Deir an Aireacht Cosanta go stopfar den dtrodaíocht³ chun ligint do shibhialtaigh fágaint agus dul pé treo a roghnaíonn siad. Mar sin féin, deir an Úcráin nach bhfuil aon mhargadh déanta acu leis an Rúis faoi phasáiste sábháilte a chur ar fáil dóibh atá sáinnithe sa mhonarcha. Níos luaithe inniu, d'fhógair Státrúnaí Mheiriceá, Antony Blinken, agus é ar cuairt ar Chív, go bhfuil siad chun cúnamh míleata breise a chur go dtí an Úcráin.

Scéal 2

Gheall Emmanuel Macron go n-aontódh sé an Fhrainc agus go mbeadh sé ina cheannaire don gcosmhuintir go léir, tar éis dó a tharna⁴ téarma Uachtaránachta a bhuachtaint⁵. Bhí an lámh in uachtar ag Macron ar a chéile comhraic Marine Le Pen, ag buachtaint 58 faoin gcéad den vóta. Is é Macron an chéad Uachtarán ar an bhFrainc a bhfuil dhá théarma i ndiaidh a chéile buaite aige le breis is fiche bliain.

John Maguire, Iriseoir, Páras

Tá a fhios ag Emmanuel Macron go mbeidh sé deacair an tír a stiúradh. Vótáil beagnach caoga faoin gcéad de na daoine ar a shon chun Marine Le Pen a choinneáil as cumhacht. Cé gur theip uirthi, tá a páirtí níos láidre an tráth seo i gcomparáid le 2017. Agus tá an eite chlé ag lorg tromlaigh sna toghcháin pharlaiminte i mí an Mheithimh ionas go mbeidh post an Phríomh-Aire acu.

¹ ligint = leagan canúnach de 'ligean'

² a fhágaint = leagan canúnach de 'fágáil'

³ Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

⁴ tarna = leagan canúnach den fhocal 'dara'

⁵ a bhuachtaint = leagan canúnach de 'a bhuanachan'